2024/379

26.1.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/379 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Eanáir 2024

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 lena leagtar síos rialacha coiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 43(1), 43(3) agus 44(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí sna leaganacha Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Eastóinise, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóivéinise, Slóvaicise, Spáinnise agus Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún ([2]) i Roinn 3, Caibidil 2, pointe SERA.3215(b)(2) den Iarscríbhinn, agus sa tábla a bhaineann le ICAO Iarscríbhinn 2, an ceathrú ró, an dara colún, den fhorlíonadh a ghabhann leis an Iarscríbhinn. Athraíonn na hearráidí sin brí na bhforálacha.

(2) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012, fágtar abairt ar lár i Roinn 8, pointe SERA.8012(b), den Iarscríbhinn. Athraíonn an earráid sin brí na forála.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Bulgáirise, Cróitise, Danmhairgise, Eastóinise, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóivéinise, Slóvaicise, Spáinnise agus Ungáirise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/212 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Aerspás Aonair, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012, agus an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún ([3]),

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/923/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 923/2012, (AE) Uimh. 139/2014 agus (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais i dtaca le bainistíocht aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta, dearadh struchtúr an aerspáis agus cáilíocht sonraí, sábháilteacht rúidbhealaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 73/2010 (IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/469/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN